

An Leabhar Mór: Ranganna na naíonán – Rang 1 Ullmhúchán don litearthacht

Conas gur féidir tabhairt faoi leabhair mhóra a úsáid leis na naíonáin? Tá roinnt smaointí anseo.

Roghnaíonn an múinteoir téama agus fo-théama agus baintear úsáid as an leabhar mór chun na h-eiseamláirí teanga a mhúineadh agus le foclóir an téama a mhúineadh freisin. Déan cinnte go bhfuil ábhar an leabhair oiriúnach don ghrúpa.

Tá sé an-tábhachtach go mbainfeadh an múinteoir úsáid as na h-eiseamláirí atá múinte aige/aici go rialta gach lá chun frásaí faoi leith a dhaingniú. Ba chóir go mbeadh ceangal idir na h-eiseamláirí seo agus an prionta sa timpeallacht.

Lá 1

An tréimhse réamhchumarsáide

- Bíodh ábhar concreideach ag an múinteoir chun an teanga riachtanach sa leabhar a mhúineadh (más féidir).
- Taispeáin an clúdach do na páistí. Labhair faoin bpictiúr, m.sh. Cé/Céard a fheiceann tú ar an gclúdach?
Cén dath atá ar an gclúdach?.....Cluiche-Feicim le mo shúilín beag rud buí/gorm...?
Cé hé sin sa phictiúr? Spongebob/Bart Simpson an ea?

An tréimhse cumarsáide

- ‘Léigh’ na pictiúir go mall ó thús go deireadh. Cuireann an múinteoir ceisteanna ar na páistí le déanamh cinnte go bhfuil an foclóir nua ar eolas acu. Tá sé tábhachtach go mbeadh na páistí páirteach i léamh an scéil.

An tréimhse iarchumarsáide

- Cluiche Kim a imirt ag baint úsáide as an bhfearas.

Lá 2

An tréimhse réamhchumarsáide

- Dul siar ar an bhfoclóir ag baint úsáide as an bhfearas.
- Ceisteanna cuimhne: Cé a bhí sa scéal? Cad is ainm di/dó?

An tréimhse cumarsáide

- Léann an múinteoir an scéal ó thús go deireadh ar ghnáthluas agus cabhraíonn na páistí leis an insint. (Cloze ó bhéal)

An tréimhse iarchumarsáide

- Cluiche: Cad atá sa mhála?
- Déanann na páistí iarracht a thomhas cad atá sa mhála trí na rudaí atá ann a láimhseáil. Úsáidtear an fearas céanna a d’úsáid an múinteoir ag tús an scéil.
- Cuir ceisteanna ar na páistí chun iad a spreagadh labhairt faoin scéal agus faoi na pictiúir, m.sh.
 - An bhfuil an buachaill sásta/crosta?
 - An bhfuil áthas/fearg/brón/ocras/tart ar an gcailín?
 - Cén dath atá ar an?
 - Céard a fheiceann tú sa phictiúr?

Lá 3

An tréimhse réamhchumarsáide

Dul siar ar an bhfoclóir arís. Níos tapúla an uair seo.

Dul trí na pictiúir go léir sa leabhar leis na páistí. Cuireann an múinteoir ceisteanna ar na páistí bunaithe ar na pictiúir, chun seans a thabhairt dóibh an foclóir nua atá foghlamtha acu a úsáid.

An tréimhse cumarsáide

- Athinsint an scéil agus ord a chur ar scéal.
Léann an múinteoir an scéal arís ag tabhairt leideanna do na páistí chun cabhrú leis/léi na bearnaí a líonadh nó déanfaidh na páistí athinsint ar an scéal ag úsáid na bpictiúr mar leideanna.
- Is féidir leis an múinteoir úsáid a bhaint as téarmaí ar nós – Lá amháin, ar dtús, ansin, ina dhiaidh sin, faoi dheireadh- chun cabhair a thabhairt do na páistí an scéal a athinsint.

An tréimhse iarchumarsáide

- Cluiche teanga ciorclach: Suíonn na páistí i gciorcal. Seineann an múinteoir ceol. Cuirtear liathróid o dhuine go duine. Nuair a stopann an ceol, osclaíonn an múinteoir leathanach den leabhair agus bíonn ar an bpáiste a bhfuil an liathróid aige/aici abairt bunaithe ar an leathanach sin a rá. M. sh “Tá spéaclaí buí ar Pháidín”

Gníomhaíochtaí breise – Is féidir le múinteoir Rang 2 na gníomhaíochtaí seo a chur in oiriúint d’a rang freisin.

- Pictiúir a tharraingt ag dul le h-athinsint an scéil.
- Cluiche Bingo bunaithe ar an bhfoclóir atá sa leabhar a imirt.
- Rothscéal a líonadh le heachtraí an scéil. (Is féidir leis an múinteoir ciorcal roinnte i 3/4 rannóg a tharraingt roimhré ar leathanach).

- Pictiúr a tharraingt den leathanach is fearr leat.
- Pictiúr a tharraingt den charachtar is fearr leat.
- Cluiche Teanga Ciorclach: Babhla Torthaí. Suíonn na páistí go léir i gciorcal. Bíonn leathanach ar gach suíochán. Tugann an múinteoir ainm ar leith do gach páiste. Bíonn na h-ainmneacha bunaithe ar an bhfoclóir atá ins an leabhar mór. M. sh 5 spád, 5 liathróid srl. Deireann an múinteoir abairt bunaithe ar an scéal. Bíonn “ainm” páistí ar leith san abairt seo. Bíonn ar na páistí seo a áiteanna a athrú. Tógann an múinteoir leathanach amháin agus bíonn ar an bpáiste atá fágtha áit an mhúinteora a thógáil.
- Leabhar féin-déanta ag an múinteoir bunaithe ar an bhfoclóir sa leabhar mór a dhathú
- Cluiche: *“Feicim le mo shúilín rud éigin a thosnaíonn le _____”*
- Cluiche tomhais
- Mála scéalaíochta: Scéal a insint le treoir ón bhfearas.
- Drámaíocht – Fráma Reoite – i ngrúpaí le treoir an mhúinteora
- Cluichí Teanga eile. (Féach ar Treoirínte do Mhúinteoirí Lch 74 ar aghaidh. Beidh an múinteoir in ann cuid de na cluichí a chur in oiriúnt don rang agus don leabhar atá á mhúineadh aige/aici.)

Tús na Léitheoireachta –

Rang 2

An Leabhar Mór

Conas gur féidir tabhairt faoi leabhair mhóra a úsáid le Rang 2? Tá roinnt smaointí anseo.

Ba chóir don múinteoir tús áite a thabhairt do riachtanais teanga agus d'ábhar spéise na ndaltaí. Léann an múinteoir an scéal gach lá le fócas/cuspóir ar leith. Déanann an múinteoir léitheoireacht i gcomhpháirt le grúpa gach lá. Úsáideann an múinteoir teanga an scéil go neamhfhoirmiúil i rith an lae.

Lá 1

An tréimhse réamhléitheoireachta

- Bíodh pictiúir, ábhar concreideach agus luas chártaí ag an múinteoir chun an teanga riachtanach sa leabhar a mhúineadh.
- Labhairt faoin gclúdach. Luaigh na téarmaí údar, clúdach, leathanach, pictiúr.
- Cuir príomhcarachtar an scéil in aithne don rang.

An tréimhse le linn léitheoireachta

- 'Léigh' na pictiúir go mall ó thús go deireadh. Cuireann an múinteoir ceisteanna ar na páistí le déanamh cinnte go bhfuil an foclóir nua ar eolas acu. Tá sé tábhachtach go mbeadh na páistí páirteach i léamh an scéil.
- Léigh an scéal ar ghnáthluas gan mórán cur isteach ar reacaireacht an scéil – ar son an taitnimh a léitear an scéal an chéad uair.

An tréimhse iarléitheoireachta

- Ceisteanna ginearálta a chur faoin scéal.
- Cluiche meaitseáile - Bíonn ar na páistí na luas chártaí a mheaitseáil leis na pictiúir ar an gclár dubh/bán.
- Cluiche Kim a imirt, ag baint úsáide as an bhfearas.

Lá 2

An Tréimhse Réamhléitheoireachta

- Dul siar ar an bhfoclóir ag baint úsáide as an bhfearas.
- Ceisteanna cuimhne: Cé a bhí sa scéal? Cá raibh sé?...

An tréimhse le linn léitheoireachta

- Léigh an scéal ar ghnáthluas ach fág focail ar lár anseo is ansiúd – “cloze ó bhéal.” Meall na focail sin ó na páistí. Nuair a thugann na páistí an focal duit, sín do mhéar agus abair “Sin an focal _____”
- Athinsint an scéil ó bhéal leis an rang iomlán le cabhair na bpictiúr sa leabhar mór. Páistí aonar ag athinsint codanna más féidir.

An tréimhse iarléitheoireachta

- Tabhair tasc scríofa don rang bunaithe ar an leabhar mór. Roinn an rang i gceithre ghrúpa. Nuair a bheidh na páistí eile ag obair ar an tasc, léigh an scéal i gcomhpháirt le grúpa beag leis na leabhair bheaga. Is féidir rudaí breise a chur ar a súile dóibh sa ghrúpa beag – lánstad, comharthaí don chaint dhíreach. Aithneofar anseo na deacrachtaí a bhíonn ag páistí aonair agus is féidir díriú orthu arís i mioncheachtanna nó nuair a bheidh an leabhar mór á léamh arís.

Lá 3

An Tréimhse Réamhléitheoireachta

- *Ceisteanna cuimhne chun an scéal a thabhairt chun cuimhne: Cá, cé agus cad?.
- Cluiche teanga ciorclach: Suíonn na páistí i gciorcal. Seineann an múinteoir ceol. Cuirtear liathróid o dhuine go duine. Nuair a stopann an ceol, osclaíonn an múinteoir leathanach den leabhar agus bíonn ar an bpáiste a bhfuil an liathróid aige/aici abairt bunaithe ar an leathanach sin a rá. M. sh “Tá spéaclaí buí ar Pháidín”

An tréimhse le linn léitheoireachta

- * Léigh an scéal arís ar ghnáthluas. Déan cloze ó bhéal arís, ag fágáil níos mó focal ar lár.
- * Athinsint an scéal arís go tapaidh le cabhair na bpictiúr.

An tréimhse iarléitheoireachta

- * Tabhair tasc scríofa don rang bunaithe ar an leabhar mór. Roinn an rang i gceithre ghrúpa. Nuair a bheidh na páistí eile ag obair ar an tasc, léigh an scéal i gcomhpháirt le grúpa beag leis na leabhair bheaga. Is féidir rudaí breise a chur ar a súile dóibh sa ghrúpa beag – lánstad, comharthaí don chaint dhíreach. Aithneofar anseo na deacrachtaí a bhíonn ag páistí aonair agus is féidir díriú orthu arís i mioncheachtanna nó nuair a bheidh an leabhar mór á léamh arís.

Lá 4

An tréimhse Réamhléitheoireachta

- Ceisteanna cuimhne chun an scéal a thabhairt chun cuimhne: Cá, cé agus cad?

An tréimhse le linn léitheoireachta

- Léigh an scéal arís ach clúdaigh cuid de na focail an uair seo. Caithfidh na páistí a bheith ag faire go géar chun a rá leis an múinteoir cad iad na focail atá in easnamh. (Clúdaigh focail ar leathanaigh éagsúla le cártaí)
- Díreofar ar an straitéisí – leideanna ón gcomhthéacs – cad a fheiceann sibh sa phictiúr?

An tréimhse iarléitheoireachta

- Tabhair tasc scríofa don rang bunaithe ar an leabhar mór. Roinn an rang i gceithre ghrúpa. Nuair a bheidh na páistí eile ag obair ar an tasc, léigh an scéal i gcomhpháirt le grúpa beag leis na leabhair bheaga. Is féidir rudaí breise a chur ar a súile dóibh sa ghrúpa beag – lánstad, comharthaí don chaint dhíreach. Aithneofar anseo na deacrachtaí a bhíonn ag páistí aonair agus is féidir díriú orthu arís i mioncheachtanna nó nuair a bheidh an leabhar mór á léamh arís.

Lá 5

An Tréimhse Réamhléitheoireachta

- Scríobh cúpla focal/ frása ar an gclár dubh – cuid acu ó phrionta sa timpeallacht, cuid eile acu ón leabhar mór. Ceistigh na páistí: An bhfuil an focal/frása seo sa leabhar mór.

An tréimhse le linn léitheoireachta

- Léigh an leabhar arís. An uair seo stop ar na focail atá scríofa ar an gclár dubh/bán. Taispeáin an focal agus cuir ceist “cad é an focal seo?”

An tréimhse iarléitheoireachta

- Tabhair tasc scríofa don rang bunaithe ar an leabhar mór. Roinn an rang i gceithre ghrúpa. Nuair a bheidh na páistí eile ag obair ar an tasc, léigh an scéal i gcomhpháirt le grúpa beag leis na leabhair bheaga. Is féidir rudaí breise a chur ar a súile dóibh sa ghrúpa beag – lánstad, comharthaí don chaint dhíreach. Aithneofar anseo na deacrachtaí a bhíonn ag páistí aonair agus is féidir díriú orthu arís i mioncheachtanna nó nuair a bheidh an leabhar mór á léamh arís.


Samplaí de Tascanna Scríofa

- Scríobh focal coitianta ón leabhar ar an gclár dubh. Díriú isteach ar an gcéad fuaim san fhocal. Meall focail eile ó na leanaí a thosaíonn leis an bhfocal sin. Cláraigh ar an gclár dubh/bán iad. Iarr ar gach duine trí fhocal a scríobh agus pictiúr a tharraingt de na rudaí a scríobhann said. Iarrtar ar dhaltaí aonair a bhí

ag cóipeáil focal ón gclár dubh, na focail a scríobh siad a léamh agus na pictiúir a thaispeáint.

- Athchruthú abairte ón scéal. M. sh: Tá hata orm. Lorg samplaí ó na páistí. Tá geansaí orm, tá cóta orm. Iarr ar gach páiste abairt nó dhó a scríobh/a chóipeáil agus pictiúr a tharraingt. Iarrtar ar dhaltaí aonair a bhí ag cóipeáil abairtí ón gclár dubh, na habairtí a scríobh siad a léamh agus na pictiúir a thaispeáint.
- Cártaí oibre le habairtí simplí ón scéal measctha suas. Scríobhann na páistí na habairtí in ord. Is féidir pictiúr beag a tharraingt chomh maith ag léiriú tuisceana. Iarrtar ar dhaltaí aonair a bhí ag athscríobh abairtí, na habairtí a léamh agus na pictiúir a thaispeáint.
- Rothscéal a líonadh le heachtraí an scéil. Abairt faoi gach eachtra a scríobh













**liathróid
bhuí**

spád bhuí

caisleán
spéaclaí buí

hata buí

buicéad buí

grian